

Staitisticí Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ) 2019

Réamhstaitisticí (Aibreán 2019)

Tá na staitisticí san eisiúint seo bunaithe ar réamhanailís a rinneadh ar thuairisceáin a tíolacadh agus ar fhaisnéis eile a bhaineann le

CMÁ. Tá obair go fóill ag leanúint ar aghaidh ar Chlár CMÁ na gCoimisinéirí Ioncaim a bheachtú agus dá réir sin ní sonraí críochnaitheacha iad na sonraí atá san áireamh anseo agus teastaíodh roinnt áirithe meastacháin a dhéanamh.

Díríonn na staitisticí san eisiúint seo ar CMÁ 2019.

Foilseofar nuashonruithe in am trátha ar: <https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/local-property-tax/index.aspx>. Tá staitisticí i leith blianta roimhe ar fáil ar an leathanach céanna chomh maith.

Ba chóir aon fhiosruithe faoi staitisticí maidir le CMÁ a sheoladh chuig statistics@revenue.ie.

Fáltais 2019

Aistríodh fáltais CMÁ de €222m chuig Fáltais an Státchiste in 2019 go dtí seo.

Áirítear riaráistí Muirir Teaghlaigh leis na fáltais seo chomh maith. Ghlac na Coimisinéirí Ioncaim freagracht as riaráistí Muirir Teaghlaigh a bhailiú ó 1 Iúil 2013. Go dtí seo, bailíodh €71.5m (lena n-áirítear €0.5m in 2019).

Comhlíontacht CMÁ 2019

Meastar gurb é 93% an ráta comhlíontachta le haghaidh CMÁ in 2019 faoi láthair, mar an gcéanna ag an tráth seo anuraidh, agus táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú air i gcaitheamh na bliana. *

Ó mhí Feabhra 2019, eisíodh níos mó ná 150,000 litir chomhlíontachta le haghaidh dliteanais CMÁ i leith gach bliain, agus tá an feachtas comhlíontachta ag leanúint ar aghaidh. Cé go bhfuil mórchuid mór úinéirí maoine go hiomlán comhlíontach lena ndualgais CMÁ, tá roinnt bheag cásanna i leith neamhchomhlíontachta ann a fhágann nach mbíonn mórán rogha ag na Coimisinéirí Ioncaim ach pionóis chomhlíontachta a ghearradh le cinntiú go bhfaightear íocaíocht. Bhíothas in ann, áfach, roinnt de na cásanna seo a réiteach ina dhiaidh sin gan na pionóis éagsúla a ghearradh ina n-iomláine.

Ó mhí Eanáir 2019, roghnaíodh os cionn 350 cás lena n-atreorú chuig Sirriaim nó Dílódóirí. As na cásanna seo, chuaigh 29 cás os cionn chéim an éilimh go dtí gníomh iomlán bailithe/forfheidhmithe.

Ó mhí Eanáir 2019, diúltaíodh níos mó ná 4,400 iarratas ar imréiteach cánach mar gheall ar neamhchomhlíontacht CMÁ, agus deonaíodh imréiteach ina dhiaidh sin in 97% díobh sin nuair a aontaíodh socruithe íocaíochta. Gearradh os cionn 1,939 formhuirear Cánach Ioncaim agus Cánach Corparáide mar gheall ar neamhchomhlíontacht CMÁ, agus as na cásanna ar iarradh athbhreithnithe ina leith, baineadh nó maolaíodh os cionn 70% de na formhuirir tar éis dliteanais CMÁ a íoc.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag leanúint de CMÁ a asbhaint ag an bhfoinse le haghaidh 2019 i gcás 89,000 maoine a bhí faoi réir asbhaint éigeantach in 2018. Le mí anuas, eisíodh os cionn 1,000 treoir bhreise asbhainte chuig fostóirí/soláthraithe pinsin i ndáil le húinéirí maoine neamhchomhlíontacha agus eiseofar 13,500 eile ag tús mhí Aibreáin. Eiseofar treoracha breise sna seachtainí amach anseo i ndáil le húinéirí maoine a dteipeann orthu gníomhú de bhun litreacha comhlíontachta.

Chomh maith leis sin, méadaíodh an luacháil ar bhreis agus 13,680 maoin, ag eascairt ó mheascán d'fhéincheartú agus dúshláin ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Athróidh na figiúirí seo de réir mar a roghnaíonn úinéirí maoine a gcúrsaí CMÁ a chur ina gceart.

*Déantar an ráta comhlíontachta a ríomh ó fhiigiúr ionchasach Cláir a léirítear ó fhaisnéis Daonáirimh 2011/2016 de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh agus ó shonraí a bhailítear ó riar an CMÁ ó 2013. Tá obair go fóill ag leanúint ar aghaidh le bailíochtú a dhéanamh ar an gClár.

Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil le haghaidh 2019

Bhain naoi gcinn d'Údaráis Áitiúla leas as an deis an ráta CMÁ le haghaidh 2019 a athrú (i gcomparáid leis an ráta caighdeánach CMÁ), ag clúdach beagnach 0.7 milliún maoin (gan maoine san áireamh faoi úinéireacht na nÚdarás Áitiúil) agus chuir na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoina gcinneadh faoin 28 Meán Fómhair 2018.

Tá na hathruithe riachtanacha déanta go huathoibríoch ag na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh úinéirí maoine.

Léirítear sa tábla thíos réimse suimeanna íocaíochta CMÁ le haghaidh 2019 tar éis an Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil le haghaidh CMÁ 2019 a chur i bhfeidhm.

Sa chás nach bhfuil aon athruithe don Fhachtóir Coigeartaithe Áitiúil déanta, gearrtar na rátaí caighdeánacha CMÁ: 0.18% ar bhandaí luachála suas le €1m, 0.25% ar an luach os cionn €1m.

Banda	Réimse Luacha Maoine	An Ráta Caighdeánach (€)	+15% (€)	+10% (€)	+7.5% (€)	+2.5% (€)	-10% (€)	-15% (€)
1	€0-100k	90	104	99	97	92	81	76
2	€100-150k	225	259	247	242	231	203	191
3	€150-200k	315	362	346	339	323	284	267
4	€200-250k	405	466	445	435	415	365	344
5	€250-300k	495	569	544	532	507	446	420
6	€300-350k	585	673	643	629	600	527	497
7	€350-400k	675	776	742	726	692	608	573
8	€400-450k	765	880	841	822	784	689	650
10	€500-550k	945	1,087	1,039	1,016	969	851	803
12	€600-650k	1,125	1,294	1,237	1,209	1,153	1,013	956
14	€700-750k	1,305	1,501	1,435	1,403	1,338	1,175	1,109
16	€800-850k	1,485	1,708	1,633	1,596	1,522	1,337	1,262
18	€900-950k	1,665	1,915	1,831	1,790	1,707	1,499	1,415
€1m	€1m+	1,800	2,070	1,980	1,935	1,845	1,620	1,530
€1.5m	€1m+	3,050	3,508	3,355	3,279	3,126	2,745	2,592
22 Comhairle			An Longfort	Loch Garman Laois	Luimneach	Port Láirge	Fine Gall	Cathair Bhaile Átha Cliath DLR Baile Átha Cliath Theas

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go bhfuil tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

Anailís de réir Údarás Áitiúil – Bailiú agus Comhlíontacht go dtí seo i leith 2019

Réamhanailís atá i gceist leis an anailís seo. Tá roinnt meastacháin i gceist leis, go háirithe i dtaca le dáileadh na bhfigiúirí agus na suimeanna de réir Údarás Áitiúil.

Údarás Áitiúil Údarás	Maoine Tuairiscithe *	Ráta Comhlíontachta **	CMÁ Bailithe ***
	CMÁ 2019 (i bhfoirm mílte)	CMÁ 2019 (%)	CMÁ 2019 (€ milliún)
Cathair Bhaile Átha Cliath	221.9	90.9	41.3
Baile Átha Cliath Theas	95.5	95.4	13.9
An Cabhán	29.5	93.1	2.8
Ceatharlach	22.2	94.1	2.4
Ciarraí	66.3	92.5	9.4
Cill Chainnigh	35.7	93.7	4.5
Cill Dara	76.5	94.0	11.6
Cill Mhantáin	51.4	94.8	9.3
An Clár	51.3	94.6	6.4
Cathair Chorcaí	52.6	94.1	7.0
Contae Chorcaí	162.0	94.6	24.7
Dún Laoghaire–Ráth an Dúin	81.2	95.1	24.1
Dún na nGall	69.6	88.3	7.0
Fine Gall	100.9	96.3	17.6
Cathair na Gaillimhe	31.3	95.0	5.2
Contae na Gaillimhe	69.6	93.7	8.8
An Iarmhí	34.6	93.2	3.8
Laois	29.6	93.8	3.1
Liatroim	15.5	91.0	1.4
Loch Garman	62.5	94.2	8.1
An Longfort	16.5	91.9	1.7
Cathair & Contae Luimnigh	76.5	93.1	9.9
Lú	48.5	91.5	5.5
Maigh Eo	57.1	92.0	6.9
An Mhí	66.5	93.3	9.1
Muineachán	22.2	92.7	2.5
Cathair & Contae Phort Láirge	49.6	93.0	5.7
Ros Comáin	27.1	93.7	2.7
Sligeach	29.4	92.7	3.3
Tiobraid Árann	63.1	93.6	7.5
Uíbh Fhailí	27.8	92.2	3.0
	1,844	93.3	270

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go bhfuil tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

* Folaíonn sé seo treoracha tar-rollta (0.80m), treoracha nua (0.80m), maoine faoi úinéireacht na nÚdarás Áitiúil a bhfuil tuairisceán tugtha ina leith go dtí seo (0.14m), míreanna oibre (0.02m) agus maoine a bhfeidhmítear asbhaint éigeantach ag an bhfoinse ina leith (0.10m).

** Mar gheall ar shlanú figiúirí, féadfaidh sé nach dtiocfaidh an ráta comhlíontachta leis na figiúirí a fhaightear nuair a dhéantar meastachán ó na figiúirí thuas. Déantar an ráta comhlíontachta a ríomh ó fhiúir ionchasach Clár a léitear ó fhaisnéis Daonáirimh 2011/2016 de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh agus ó shonraí a bhailítear ó riar an CMÁ ó 2013. Tá obair go fóill ag leanúint ar aghaidh le bailíochtú a dhéanamh ar an gClár.

*** Folaíonn CMÁ a bailíodh do 2019 agus €60m i réamhiocaíochtaí a fuarthas in 2018 agus €210m go dtí seo in 2019. Folaíonn Fáiltais an Státhchiste a aistríodh in 2019 (go dtí seo) agus CMÁ de luach €11m le haghaidh blianta roimhe seo agus Muirear Teaghlaigh de €0.5m.

Anailís de réir Údarás Áitiúil – Asbhaint Éigeantach ag an bhFoinse i leith 2019

Feidhmíodh asbhaint éigeantach ag an bhfoinse i leith CMÁ ar tuairim is 90,000 maoin le haghaidh CMÁ 2019. Léirítear ar an tábla thíos dáileadh na maoin seo de réir Údarás Áitiúil i ngach aon bhliain.

Féadfaidh sé go n-athróidh na figiúirí seo de réir mar a chuireann úinéirí maoine a gcúrsaí cánach ina gceart. Réamhanailís atá i gceist leis an anailís, agus tá roinnt meastacháin i gceist leis i dtaca le dáileadh na bhfigiúirí de réir Údarás Áitiúil.

Údarás Áitiúil	Maoine faoi réir Asbhaint Éigeantach ag an bhFoinse 2019 CMÁ (%)
Cathair Bhaile Átha Cliath	9.7
Baile Átha Cliath	5.6
An Cabhán	1.8
Ceatharlach	1.4
Ciarraí	2.8
Cill Chainnigh	2.2
Cill Dara	4.9
Cill Mhantáin	2.6
An Clár	2.8
Cathair Chorcaí	2.2
Contae Chorcaí	9.2
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	2.5
Dún na nGall	3.5
Fine Gall	6.1
Cathair na Gaillimhe	1.5
Contae na Gaillimhe	4.0
An Iarmhí	2.3
Laois	2.3
Liatroim	0.8
Loch Garman	3.3
An Longfort	0.9
Cathair & Contae Luimnigh	4.4
Lú	3.5
Maigh Eo	2.7
An Mhí	4.7
Muineachán	1.2
Cathair & Contae Phort Láirge	3.0
Ros Comáin	1.5
Sligeach	1.6
Tiobraid Árann	3.4
Uíbh Fhailí	1.8
	100

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go bhfuil tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

Modhanna Íocaíochta le haqhaidh 2019

Cineál Íocaíochta	CMÁ 2019* (%)
Asbhaint ag an bhFoinse	15.6
Cárta Creidmheasa	6.6
Cárta Dochair	16.8
Dochair Díreach	24.2
Íocaíocht Eile	4.9
Soláthraí Seirbhíse	13.0
Treoir Dochair Bhliantúil**	18.1
Údarú Dochair Aonair	0.8
	100

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go bhfuil tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

*Is réamh-mheastacháin iad figiúirí 2019 bunaithe ar thar-rolladh 2018 agus ar threoracha nua a fuarthas go dtí seo i leith 2019.

** Is éard is Treoir Dochair Bhliantúil (TDB) ann ná modh roghnach íocaíochta a mhaireann bliain nó ar feadh blianta iomadúla.

Éilimh ar Dhíolúine nó Iarchur i leith 2019

Bunaithe ar eolas atá ar fáil faoi láthair, tá tuairim is 49,000 éileamh ann ar dhíolúine ó mhaoine a bhfuil tuairisceáin tíolactha ina leith le haghaidh 2019.

Cineál na Díolúine (Féinmheasúnú)	CMÁ 2019 *	
	Líon (i bhfoirm mílte)	%
Áit chónaithe duine faoi éagumas dian	2.0	4.1
Comhlachtaí carthanúla (gníomhaíochtaí áineasa)	0.2	0.5
Comhlachtaí carthanúla (cóiríocht riachtanas speisialta)	8.0	16.4
Damáiste piríte suntasach	1.7	3.4
Eastáit tithíochta neamhchríochnaithe	3.3	6.7
Maoine áirithe a ceannaíodh idir 1/1/2013 agus 31/12/2013	11.5	23.5
Maoine atá inmhuirir go hiomlán do rátaí tráchtála	2.4	4.9
Maoine díchurtha mar gheall ar éiglíocht mheabhrach/fhisiceach fhadtéarmach	7.5	15.4
Stoc trádála an tógálaí/an fhorbróra (nár díoladh ag 1/5/2013 nó a díoladh sa tréimhse	11.7	23.9
Tithe altranais cláraithe	0.3	0.6
Tithe soghluaiste	0.3	0.6
	49	100

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go bhfuil tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

* Is réamh-mheastacháin iad figiúirí 2019 bunaithe ar thar-rolladh 2018 agus ar threoracha nua a fuarthas go dtí seo i leith 2019.

** Ní fholaíonn sé seo ach amháin maoine ar thíolaic duine dliteanach tuairisceán ina leith ag éileamh na díolúine. Sa chás gur ceannaíodh maoine nua agus neamhúsáidte roimhe sin le linn na tréimhse luachála reatha (2013–2019) níl aon dualgas ann tuairisceán CMÁ a thíolacadh de bhrí nach bhfuil siad faoi dhliteanas cánach go dtí an chéad tréimhse eile luachála. Gabhann na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, sonraí a bhaineann le maoine nua agus nár úsáideadh roimhe ar an gClár CMÁ trí thaifid Dleachta Stampa agus trí fhoinsí éagsúla eile faisnéise ach ní áirítear anseo iad de bhrí nach meastar iad a bheith dliteanach i leith 2013–2019.

Bunaithe ar eolas atá ar fáil faoi láthair, tá tuairim is 54,000 éileamh ann ar iarchur in 2019. Éilítear an formhór díobh trí thuairisceáin CMÁ ach is gá roinnt éileamh ar iarchur (le haghaidh Caillteanas Airgeadais Suntasach, mar shampla) a éileamh ar fhoirmeacha ar leithligh a thíolactar do na Coimisinéirí Ioncaim.

Éilimh ar Iarchur	CMÁ 2019*	
	Líon (i bhfoirm mílte)	%
Seiceadóir/Riarthóir Eastáit	0.7	1.4
Caillteanas Airgeadais Suntasach	0.2	0.4
Faoin Tairseach Ioncaim	51.7	96.6
Duine Dliteanach Dócmhainneach	0.9	1.6
	54	100

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go bhfuil tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

* Is réamh-mheastacháin iad figiúirí 2019 bunaithe ar thar-rolladh 2018 agus ar threoracha nua a fuarthas go dtí seo i leith 2019.